


Samhradh Iontach



1. Lá amháin, bhuail mé le mo chara Lára ag an séipéal ar ceathrú tar éis a trí. Thosaigh muid ag caint faoi na laethanta saoire. Bhí mé **ag dúil go mór leis** an samhradh.




2. Ach bhí airgead le déanamh againn. Chuaigh muid go dtí an t-óstán **ag lorg** jabanna samhraidh. Bhí bainisteoir an óstáin iontach deas. Thug sé post dúinn ag glanadh na seomraí leapa san óstán. Bhí muid breá sásta.



3. Ag deireadh mhí Iúil, bhí go leor airgid againn chun dul **chun na hIodáile**. Chaith muid seachtain sa Róimh. Thaitin an áit go mór linn. Is cathair álainn í an Róimh.



4. I lár mhí Lúnasa, bhí muid ar ais sa bhaile agus bhain muid cluiche peile **sa chraobh**. **Chomh maith leis sin**, chonaic muid cúpla scannán sa phictiúrlann a thaitin go mór linn.



5. Ach d'oibrigh muid do Chumann Naomh Uinseann de Pól freisin. Bhuail muid le **cuid mhór daoine** ar na sráideanna. Chuidigh muid leis na **daoine bochta** agus **ghabh siad buíochas** linn as an chuidiú.



6. Bhain muid an-sult as ár laethanta saoire. Rinne muid a lán rudaí suimiúla agus dúirt mise **gurbh é an samhradh ab fhearr** a bhí agam riamh. Tá Lára ag dúil go mór leis an bhliain seo chugainn **cheana féin!**